C/2024/6799

8.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11662 – FNAC DARTY / UNIEURO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6799)

1. An 31 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Fnac Darty S.A ('Fnac Darty', an Fhrainc),

— Unieuro S.p.A. ('Unieuro', an Iodáil).

Gheobhaidh Fnac Darty rialú ar Unieuro ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 16 Iúil 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Fnac Darty gníomhach i ndáileadh miondíola táirgí leictreonacha do thomhaltóirí, fearas tí agus earraí agus seirbhísí cultúrtha trína dhá phríomhbhranda Fnac agus Darty, chomh maith le seirbhísí margaidh do ríomhdhíoltóirí ar a dhá shuíomh gréasáin. Oibríonn sé níos mó ná 1 000 siopa i gcúig thír, go príomha sa Fhrainc ach sa Bheilg, sa Phortaingéil, sa Spáinn agus san Eilvéis freisin,

— Tá Unieuro gníomhach san Iodáil trí 525 pointe díola a chuireann táirgí leictreonacha do thomhaltóirí agus fearais tí ar fáil. Feidhmíonn sé mar dáileoir uile-bhealaigh comhtháite de tháirgí liath, bán, donn agus táirgí eile. Ag an am céanna, cuireann sé réimse leathan seirbhísí ar fáil amhail seachadadh agus suiteáil, barántas sínithe agus maoiniú tomhaltóirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

M.11662 – FNAC DARTY / UNIEURO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË